



An Roinn Oideachais
agus Óige
Department of Education
and Youth

Ullmhúchán don Fhoghlaim, don Teagasc agus don Mheasúnacht

Treoir Nuashonraithe do gach
Bunscoil agus Scoil Speisialta

2026

Ullmhaithe ag an Roinn Oideachais agus Óige, an Chomhairle
Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, Oide agus an Chomhairle
Náisiúnta um Oideachas Speisialta

Clár an Ábhair


Ullmhúchán don Fhoghlaim, don Teagasc agus don Mheasúnacht	1
1. Réamhrá.....	3
2. Ullmhúchán don Fhoghlaim, don Teagasc agus don Mheasúnacht	4
3. Na Príomhcholúin Ullmhúcháin don Fhoghlaim, don Teagasc agus don Mheasúnacht	9
4. Fianaise ar ullmhúchán i gCleachtas	13
5. Tacú le hUllmhúchán don Fhoghlaim, don Teagasc agus don Mheasúnacht.....	16
6. Tacú le hUllmhúchán don Fhoghlaim, don Teagasc agus don Mheasúnacht.....	17
Aguisín 1.....	20

1. Réamhrá

Foilsíodh an doiciméad seo sa bhliain 2021 ar dtús chun tacú le hachtú *Curaclam Teanga na Bunscoile* (CTB) (2019). Bhí treoir le fáil ann do mhúinteoirí agus ceannairí scoile i ngach comhthéacs scoile agus rinneadh cur síos ar thuiscint athnuaite ar ‘ullmhúchán don teagasc agus don fhoghlaim’ fad is a bhí scoileanna ag aistriú ó *Curaclam na Bunscoile* (1999) go dtí CTB. Go háirithe, tacaíodh le múinteoirí chun tairbhe a bhaint as cur chuige a bhí bunaithe ar Thorthaí Foghlama maidir le CTB.

Ó shin i leith, leanadh ar aghaidh le forbairt curaclaim. I [Creachuraclam na Bunscoile](#), a seoladh in 2023, leagtar síos an bhonnraith d’fhoghlaim, teagasc agus measúnacht ar ardchaighdeán do gach leanbh i mbunscoileanna agus scoileanna speisialta. Tá fianaise ar fhís shoचाीoch chomhroinnte le fáil ann maidir leis an méid ba cheart a chur ar fáil do leanaí sa 21ú haois le cúrsaí curaclaim agus oideachais agus atá mar bhonn le *Curaclam na Bunscoile* (2025) athfhorbartha agus leis an tacar uirlisí gaolmhar ar líne¹. Cuirtear leis an mbonnsraith seo leis an treoir maidir leis an measúnacht trína chinntiú go dtacaíonn measúnú le foghlaim agus dul chun cinn, go dtacaítear le cumhachtú agus le hionchuimsiú leis, agus go ndearbhaítear an ról lárnach atá ag breithiúnas gairmiúil múinteoirí.

Léirítear agus freagraítear don chomhthéacs curaclaim athnuaite seo le *Ullmhúchán don Foghlaim, don Teagasc agus don Mheasúnacht; Treoir Nuashonraithe do gach Bunscoil agus Scoil Speisialta*.



Figiúr 1 Réimsí agus Ábhair Churaclaim, *Creachuraclam na Bunscoile*, leathanach 15

¹ Tá sainmhíniú le fáil sa ghluais in Aguisín 1 ar na príomhthearmaí a úsáidtear sa doiciméad seo chun tacú le soiléire agus le tuiscint chomhroinnte maidir le hachtú *Curaclam Athfhorbartha na Bunscoile*.

2. Ullmhúchán don Fhoghlaim, don Teagasc agus don Mheasúnacht

Cén cuspóir atá leis an ullmhúchán don Fhoghlaim, don Teagasc agus don Mheasúnacht?

Cuirtear ar chumas múinteoirí a bheith **intinneach, freagrúil agus solúbtha** leis an ullmhúchán chun tacú le rannpháirtíocht agus dul chun cinn daltaí, agus a chinntiú ag an am céanna go gcuireann gach eispéireas foghlama ar bhealach fiúntach le Torthaí Foghlama níos fadtéarmaí. Baineann múinteoirí tairbhe as gníomhú ina mbreithiúnas gairmiúil chun Eispéiris Foghlama a dhearadh agus a oiriúnú lena bhfreastalaítear ar riachtanais a leanaí. Ag an am céanna, cinntítear leis an ullmhúchán go ndéantar ailíniú le [Creachuraclam na Bunscoile, sonraíochtaí curaclaim agus Tacar Uirlisí CNCM ar líne](#) agus le cuir chuige shonracha na scoile **atá leagtha amach sa phlean scoile uile**.

Soláthraítear soiléire agus fócas leis an ullmhúchán. Cabhraítear le múinteoirí **Fóca(i)s Foghlama** soiléir a shainnithint leis ionas go bhfuil Eispéiris Foghlama fiúntach agus comhtháite. Bunaithe ar fhaisnéis mheasúnachta, is féidir le múinteoirí freagairt do láidreachtaí, riachtanais, ábhair spéise agus indibhidiúlacht na leanaí, an teagasc a choigeartú chun tacú le agus chun dúshlán gach foghlaimeoir a thabhairt agus chun dul chun cinn a chinntiú.

Cuireann ullmhúchán éifeachtach ar chumas múinteora úsáid ama, acmhainní agus timpeallachtaí foghlama a eagrú chun lántairbhe a bhaint as an bhfoghlaim. Is féidir le múinteoirí eispéiris agus gníomhaíochtaí oiriúnacha a roghnú chun tacú le rannpháirtíocht ghníomhach agus chun díriú ar na háiteanna a bhféadfadh gá a bheith le tacaíocht nó dúshlán, bunaithe ar thuiscint an linbh i láthair na huaire. Déanann múinteoirí monatóireacht ar fhoghlaim chun bonn eolais a chur ar fáil le haghaidh na gcéad chéimeanna eile, trí mheasúnacht a úsáid go foirmitheach chun ullmhúchán amach anseo a threorú. Ba cheart go mbeadh ullmhúchán fiúntach agus aitheantas agus luach a thabhairt don raon leathan gníomhaíochtaí a mbíonn múinteoirí páirteach iontu roimh, i rith agus i ndiaidh teagaisc, ach freisin chun a chinntiú go bhfuil an bhéim á leagan ar dhul chun cinn agus ar Eispéiris Foghlama a fheabhsú do gach leanbh.

Tá an treoir seo ailínithe le [Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2022: Creat Cáilíochta do Bhunscoileanna agus do Scoileanna Speisialta \(2022\)](#) agus tugtar tuilleadh tacaíochta fós do Rial 126² i Rialacha do Scoileanna Náisiúnta³ leis ina leagtar amach na hionchais i dtéarmaí ullmhúcháin fhadtéarmaigh (mar shampla, ar bhonn téarma nó bliantúil), ullmhúchán gearrthéarmach (mar shampla, ar bhonn

² Rinneadh cur síos ar na rialacha bunaidh maidir le hullmhúchán gearrthéarmach agus fadtéarmach i Rialacha do Scoileanna Náisiúnta (An Roinn Oideachais, 1965)

³ Rialacha do Scoileanna Náisiúnta (An Roinn Oideachais, 1965)

seachtainiúil⁴, coicisiúil nó míosúil⁵) agus Cuntais Mhíosúla ar dhul chun cinn⁶ (Cuntas Míosúil).

I gcomhthéacs na scoile speisialta, ba cheart an fhoghlaim atá beartaithe do leanaí a bhunú ar churaclam bunscóile nó iar-bhunscóile aoisoiriúnach chun a chinntiú go bhfuil rochtain ag leanaí ar, go nglacann siad páirt in agus go mbaineann siad tairbhe as oideachas atá ionchuimsitheach agus oiriúnach dá láidreachtaí, riachtanais, ábhair spéise agus indibhidiúlacht.


I gcás múinteoirí scoláirí ag leibhéal iar-bhunscóile i scoil speisialta, b'fhéidir go mbeadh sé oiriúnach tairbhe agus úsáid a bhaint as an méid atá ar eolas acu faoi réimsí curaclaim *Curaclam Athfhorbartha na Bunscóile*. Cabhrófar ar an mbonn seo chun bonn eolais a chur ar fáil do leanúnachas na foghlama, an teagaisc agus na measúnachta agus chun tacú lena leithéid trí úsáid a bhaint as Eispéiris Foghlama shaibhre agus bharántúla, agus a chinntiú ag an am céanna, go bhfuil eispéireas curaclaim leathan agus cothrom á chur ar fáil.

Glactar leis an ullmhúchán don fhoghlaim, don teagasc agus don mheasúnacht mar phróiseas dinimiciúil **leanúnach**. **Forbraítear** an próiseas nuair a fhaighimid léargas ar láidreachtaí, riachtanais, ábhair spéise agus indibhidiúlacht leanaí. Dá réir sin, ba cheart glacadh le hullmhúchán don fhoghlaim, don teagasc agus don mheasúnacht mar obair leanúnach agus fhreagrúil, seachas mar obair sheasta nó aonuaire.

San áireamh in ullmhúchán don fhoghlaim, don teagasc agus don mheasúnacht tá ullmhúchán **dofheicthe, sofheicthe agus taifeadta** is féidir a dhéanamh ag an am céanna agus roimh, i rith agus i ndiaidh na foghlama, an teagaisc agus na measúnachta (Figiúr 1). Tá na trí chomhpháirt d'ullmhúchán comhlántach agus riachtanach chun tacú le hEispéiris Foghlama oiriúnacha a chur ar fáil do gach leanbh. Ainneoin go mb'fhéidir nach mbeadh ullmhúchán dofheicthe agus sofheicthe á thaifeadadh, tá sé tábhachtach a admháil go bhfuil luach cothrom luaite leis na trí chomhpháirt. **Ba cheart go mbeadh múinteoirí in ann a léiriú go bhfuil an obair ghairmiúil seo á déanamh agus é mar bhonn leis an ullmhúchán taifeadta, mar aon leis an bhfoghlaim, an teagasc agus an measúnacht ar bhealaí fiúntacha.**

⁴ [Ciorclán 64/2024](#): Oibriú/cur i bhfeidhm agus úsáid Acmhainní Múinteoirí Oideachais Speisialta
Tacaítear le ⁵ [Ciorclán 0017/2023](#) - *Ullmhúchán do Theagasc agus Foghlaim Treoir ar Ullmhú i gComhair Teagaisc agus Foghlama* le gach bunscóil agus scoil speisialta chun ullmhúchán a dhéanamh chun úsáid a bhaint as curaclam atá bunaithe ar thorthaí foghlama. Is é an aidhm atá leis an bhéim atá ar pháipéarachas a laghdú, tríd an raon leathan gníomhaíochtaí a mbíonn múinteoirí páirteach iontu roimh, i rith agus i ndiaidh teagaisc a thaifeadadh agus luach a lua leo. Tugtar leis an treoir seo tuilleadh tacaíochta do Riall 126 ina leagtar amach na hionchais um ullmhúcháin fadtéarmach (mar shampla, ar bhonn téarma nó bliantúil), ullmhúchán gearrthéarmach (mar shampla, ar bhonn seachtainiúil, coicisiúil nó míosúil) agus cuntais mhíosúla ar dhul chun cinn.

⁶ Tá eolas maidir le ceanglais shonracha do mhúinteoirí i ndáil leis an tréimhse ionduchtaithe le fáil ag: [Droichead: An Creat Comhtháite Ionduchtaithe Gairmiúil | Foghlaim Ghairmiúil | An Chomhairle Mhúinteoireachta](#) agus ag [Oide](#).



Figiúr 2: Ullmhúchán don Fhoghlaim, don Teagasc agus don Mheasúnacht

Ullmhúchán agus Machnamh Dofheicthe

Tá ullmhúchán dofheicthe **leanúnach agus neamhthaifeadta**; rud a chiallaíonn go mbaineann múinteoirí tairbhe as a dtaithe ghairmiúil, eolas ar na leanaí, an cultúr foghlama agus na pleananna agus beartais churaclaim scoile uile ina suíomh, agus as a dtuiscintí maidir le foghlaim, teagasc agus measúnacht nuair a bhíonn cinntí á ndéanamh acu maidir lena gcleachtas.

San áireamh in ullmhúchán dofheicthe tá **rannpháirtíocht fhiúntach leis an gcuraclam agus lena thacaíochtaí, mar aon le pleananna curaclaim scoile uile agus cur chuige comhaontaithe scoile uile** chun a chinntiú go gcuirtear Eispéiris Foghlama ar ardchaighdeán ar fáil do na leanaí.

Tarlaíonn **machnamh leanúnach** maidir le foghlaim agus forbairt leanaí go minic go hiomasach roimh, i rith agus i ndiaidh na foghlama. Go minic tarlaíonn sé seo trí **chomhoibriú** agus comhráite gairmiúla le comhghleacaithe, tuismitheoirí nó gairmithe ábhartha eile nó gníomhaireachtaí seachtracha agus na leanaí.

Ullmhúchán Sofheicthe

Is éard atá i gceist le hullmhúchán sofheicthe ná **foghlaim, teagasc agus measúnacht ag tarlú**. San áireamh tá Eispéiris Foghlama oiriúnacha a chur ar fáil chun tacú le próiseas foghlama beartaithe na leanaí ar fad. Cuirtear na hEispéiris Foghlama seo, atá bunaithe ar [Creachuraclam na Bunscoile](#), ar an gcuraclam, [Tacar Uirlisi ar líne CNCM](#), agus pleananna curaclaim scoile uile in oiriúint chun tacú le láidreachtaí, riachtanais, ábhair spéise agus indibhidiúlacht na leanaí ar fad. I rith an ullmhúcháin shofheicthe déantar machnamh ar **thimpeallacht foghlama** áit a bhféadfadh eispéiris spráilúla agus rannpháirteacha tarlú agus áit a bhfuil idirghníomhaíochtaí fiúntacha á n-éascú. Déantar machnamh freisin ar **úsáid a bhaint as acmhainní oiriúnacha** chun tacú le próiseas foghlama beartaithe do na

leanaí. Tá foghlaim, teagasc agus measúnacht luaineach agus solúbtha agus go minic baineann múinteoirí tairbhe as na deiseanna foghlama gan choinne agus nua a thagann chun cinn.

Ullmhúchán agus Machnamh Taifeadta

Is éard atá i gceist le hullmhúchán taifeadta aon doiciméad lena **dtacaítear le cleachtas agus machnamh leanúnach múinteoirí aonair nuair a bhíonn an curaclam á achtú acu**. San áireamh anseo tá na doiciméid ghearrthéarmacha agus fhadtéarmacha riachtanacha, pleananna tacaíochta leanaí, sonraí measúnaithe, cuntais mhíosúla, cuntais dheireadh na bliana, nótaí gairmiúla, tuairimí agus tuarascálacha ó ghairmithe eile nó gníomhaireachtaí seachtracha atá ábhartha do riachtanais foghlama na leanaí. Chomh maith leis sin, ba cheart do mhúinteoirí **cloí leis an treoir a cuireadh ar fáil i bpleananna curaclaim scoile uile i ndáil le cur chuige scoile uile sonracha**.

Is ag múinteoirí atá an tuiscint is fearr ar láidreachtaí, riachtanais, ábhair spéise agus indibhidiúlacht na leanaí ar fad ina ranganna agus ba cheart go mbeadh fianaise ar an tuiscint seo le fáil ina gcuid ullmhúcháin. Bunaithe ar an méid atá ar eolas acu faoi na leanaí agus an méid a d'fhoghlaim siad roimhe seo, tugann múinteoirí tús áite do na Torthaí Foghlama a thacóidh ar an mbealach is fearr leis na chéad chéimeanna foghlama eile agus roghnófar Eispéiris Foghlama oiriúnacha dá réir sin. Soláthraítear le [Tacar Uirlisí CNCM](#) treoir úsáideach maidir le foghlaim, teagasc agus measúnacht. Ba cheart go mbeadh fianaise ar ullmhúchán múinteoirí le fáil sna **Torthaí Foghlama** a bhfuiltear ag díriú orthu, **Fóca(i)s Foghlama** sainaitheanta agus na **hEispéiris Foghlama** atá beartaithe agus cuntas a dhéanamh ar ullmhúchán sofheicthe agus dofheicthe. Ba cheart go mbeadh measúnacht fhiúntach mar bhonn le hullmhúchán freisin, rud atá mar bhonn le cumhachtú, atá diongbháilte, ionchuimsitheach agus comhoibríoch.

Treisítear le comhleanúnachas, comhsheasmhacht agus dul chun cinn i measc ranganna le cur chuige scoile uile um ullmhúchán fadtéarmach. Laghdaítear dúbailt gan ghá le cur chuige comhaontaithe agus ionchais chomhroinnte, tacaítear le plé gairmiúil leo agus cinntítear ailíniú le tosaíochtaí scoile uile, agus ag an am céanna, ceadaítear solúbthacht i ndáil le breithiúnas múinteora.

Saibhrítear comhoibriú i measc múinteoirí leis an bpróiseas ullmhúcháin, go háirithe iad siúd atá ag teagasc ag na leibhéil ranga chéanna. Ní mór, áfach, go mbeadh an obair ullmhúcháin a dhéanann gach múinteoir ag freagairt do láidreachtaí, riachtanais, ábhair spéise agus indibhidiúlacht shonrach leanaí ina rang. Ba cheart go mbeadh na hoiriúnuithe agus na cinntí ina léirítear an fhreagrúlacht seo soiléir san ullmhúchán taifeadta.

Pleanáil Curaclaim Scoile Uile

Tacaítear leis an *Treoir maidir le Pleanáil Curaclaim Scoile Uile* le gach múinteoir agus ceannaire scoile chun pleananna curaclaim scoile uile a fhorbairt. Sna pleananna seo déantar cur síos ar chinntí a bhaineann le húsáid a bhaint as cur chuige áirithe i ndáil le hachtú gach réimse curaclaim ar bhealach ina dtugtar léargas ar gach comhthéacs scoile aonair, uathúil, agus atá mar bhonn le hEispéiris Foghlama agus torthaí feabhsaithe do na leanaí ar fad.


Tugtar níos mó deiseanna do mhúinteoirí agus ceannairí scoile chun ‘cinntí a dhéanamh maidir le cad ba chóir a mhúineadh, cathain ba cheart é a mhúineadh, agus conas foghlaim a chur in ord agus an luas ceart a chur fúithi’ ([*Creatchuraclam na Bunscoile*](#), lch 20) leis na Torthaí Foghlama ginearálta, cuir chuige oideolaíocha agus treoir mheasúnachta do gach réimse curaclaim. Tacaítear leis an gcumas seo chun roghanna agus cinntí a dhéanamh nó leis ‘an cumas gníomhúcháin’ seo chun curaclam a sholáthar lena bhfreagraítear do chomhthéacs uathúil gach scoile. Samhlaítear sa churaclam athfhorbartha bunscoile go mbeidh múinteoirí agus ceannairí scoile ag feidhmiú mar ghníomhaithe gníomhacha a léirmhíonann agus a dhéanann idirghabháil ar an gcreatchuraclam agus ar churaclam ionas gur eispéiris foghlaimeora a bheidh iontu lena bhfreagraítear do chomhthéacs an linbh, an tseomra ranga agus na scoile. Déantar cur síos sa *Treoir maidir le Pleanáil Curaclaim Scoile Uile* ar an ngá atá le cumas gníomhúcháin a chothromú le cuntasacht chun fairsinge, cothromaíocht, leanúnachas agus dul chun cinn a chinntiú i bpróiseas foghlama an linbh in achtú an curaclaim agus i bplean curaclaim scoile uile na scoile. I gcomhthéacs na scoile speisialta, ba cheart do mhúinteoirí tairbhe a bhaint as an *Curaclam Athfhorbartha na Bunscoile*, nó as na Cláir Churaclaim Iar-bhunscoile, de réir mar is cuí.

3. Na Príomhcholúin Ullmhúcháin don Fhoghlaim, don Teagasc agus don Mheasúnacht

Glactar le múinteoirí mar **ghairmithe díograiseacha, oilte agus gníomhaíocha** agus éascaíonn siad deiseanna do leanaí chun a bheith gníomhach agus a gcumas gníomhúcháin a léiriú trí fheidhmiú go neamhspleách agus roghanna a dhéanamh maidir le agus mar chuid dá bpróiseas foghlama.

Déanann múinteoirí príomhchinntí gach lá maidir le foghlaim, teagasc agus measúnacht ina scoil, lena n-áirítear cinntí maidir leis an méid atá á foghlaim ag leanaí, an t-ord ina mbíonn siad ag foghlaim, an luas ag a mbíonn siad ag foghlaim, agus na gníomhaíochtaí agus na heispéiris trína bhfoghlaimíonn siad. Tá na cinntí seo ag brath ar phríomhcholúin, atá léirithe i bhfigiúr 2 thíos, a bhfuil an méid seo a leanas san áireamh iontu: **an t-eolas atá ag an múinteoir ar na leanaí agus ar an méid atá foghlamtha acu roimhe seo; eolas ar an gcuraclam; eolas ar oideolaíocht**. Braitheann siad freisin ar an treoir a cuireadh ar fáil sna **pleananna curaclaim scoile uile** atá forbartha dá scoil chun tacú le hachtú sa chomhthéacs scoile uathúil.

Tá na príomhcholúin idirnasctha agus tacaítear go comhpháirteach leo le gach gné d'ullmhúchán múinteoirí - dofheicthe, sofheicthe agus taifeadta - agus leis an timpeallacht foghlama agus le cultúr na scoile.



Figiúr 3. Na Príomhcholúin Ullmhúcháin don Fhoghlaim agus don Teagasc agus don Mheasúnacht


Eolas ar na Leanaí agus ar an méid atá ar Eolas Acu Roimhe Seo

Dá mhéad tuisceana atá againn ar shaol leanaí is ea is mó is féidir linn a dhéanamh chun tacú leo mar fhoghlaiméirí. Is féidir linn foghlaim faoi leanaí tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- éisteacht leis an leanbh agus lena t(h)uismitheoirí
- dul i gcomhairle leis an múinteoir/na múinteoirí, múinteoir oideachais speisialta agus cúntóirí riachtanas speisialta a bhí ag an leanbh roimhe seo agus atá ag an leanbh anois
- dul i mbun rannpháirtíochta le gairmithe eile agus gníomhaireachtaí seachtracha, más cuí
- nasc a bhunú le hoideoirí i suíomhanna luathbhlianta chun léargas a fháil ar fhorbairt agus eispéiris foghlama an linbh sula dtosaíonn sé ag freastal ar an scoil
- athbhreithniú a dhéanamh ar dhoiciméid cosúil le Comhaid Tacaíochta Scoláirí, cuntais scoile ar dhul chun cinn, [doiciméid Mo Scéal CNCM](#), cuntais mheasúnachta, tuarascálacha ó ghníomhaireachtaí seachtracha, etc.
- úsáid oiriúnach a bhaint as an gcontanam measúnachta ([Creatchuraclam na Bunscoile](#), *Ich 22*)

Glactar leis na foinsí faisnéise seo mar dhlúthchuid den fhoghlaim, den teagasc agus den mheasúnacht nuair a thacaítear leo le cinnteoireacht maidir leis na chéad chéimeanna eile a bhaineann le próiseas foghlama leanaí.

Déantar cur síos i [Creatchuraclam na Bunscoile](#) ar **mheasúnacht** mar **ghné lárnach den teagasc agus den fhoghlaim**. Is iarracht chomhroinnte atá ann ina mbíonn múinteoirí agus leanaí **ag obair le chéile** chun faisnéis a úsáid mar bhonn eolais don fhoghlaim agus don teagasc. San áireamh anseo tá plé leanúnach le leanaí chun eolas a roinnt maidir leis an méid atá á fhoghlaim acu agus chun a gcéad chéimeanna eile a shainaithint agus machnamh a dhéanamh orthu. Ar an mbonn seo tacaítear lena bhféinaitheantas mar fhoghlaiméirí, agus cumasaítear foghlaim chomhoibríoch leanaí chun tacú lena chéile agus chun cur leis an méid atá á fhoghlaim acu. I [Creatchuraclam na Bunscoile](#), soláthraítear leis an measúnú **faisnéis do raon páirtithe leasmhara**, agus **glactar leis na leanaí mar pháirtithe leasmhara lárnacha**. Déantar measúnú **mar chuid de chontanam** ina n-áirítear idir **‘idirghníomhaíochtaí iomasacha’** agus **‘idirghníomhaíochtaí pleanáilte’** agus **‘imeachtaí measúnachta’**. Tá na trí chineál **comhlántach agus riachtanach** chun léargas cuimsitheach a fháil ar dhul chun cinn agus ar ghaisce linbh.



Figiúr 4 An Contanam Measúnachta (Creachuraclam na Bunscoile)

Eolas ar an gCuraclam

Cuir am i leataobh chun [Creachuraclam na Bunscoile](#) agus chun an curaclam a léamh agus chun a chinntiú go bhfuil tú eolach ar an méid atá scríofa ann. Is céim thábhachtach atá ann san obair ullmhúcháin a dhéanann múinteoir i dtaca le foghlaim, teagasc agus measúnacht. Cumasaítear **Eispéiris Foghlama ar ardchaighdeán do gach leanbh i mbunscoileanna agus scoileanna speisialta** leis an méid atá ar eolas ag múinteoir faoin gcuraclam (lena n-áirítear an fhís, na príonsabail, príomhinniúlachtaí, réimsí curaclaim agus cur chuige foghlama, teagasc agus measúnachta).

Eolas ar oideolaíocht

Is éard atá i gceist le hoideolaíocht ná an bealach a mbímid ag teagasc. Múnlaítear **gníomhaíochtaí, focail agus breithiúnais múinteoirí** leis an oideolaíocht. Níl oideolaíocht seasta; tá sí freagrúil. Déantar cur síos i [Creachuraclam na Bunscoile](#) ar mhúinteoirí ag baint úsáid as **cur chuige agus straitéisí oideolaíocha fianaisebhunaithe** chun rannpháirtíocht, úinéireacht agus dúshlán leanaí a chothú. Tá tuiscint ar chur chuige oideolaíoch tábhachtach chun Eispéiris Foghlama atá sách spráiuil agus rannpháirteach a roghnú.


Céard atá i gceist le hoideolaíocht?

An cleachtas teagaisc.

San áireamh tá na teicnící agus straitéisí a úsáideann múinteoirí chun cabhrú le leanaí a bheith ag foghlaim.

Is éard atá i gceist le hoideolaíocht an idirghníomhaíocht idir múinteoir agus foghlaimeoir agus, san áireamh freisin tá gnéithe den timpeallacht foghlama lena dtacaítear leis an bpróiseas seo.

Breithnítear an tionchar a bhíonn ag gníomhaíochtaí, teanga agus cinntí múinteoirí ar an méid a fhoghlaimíonn leanaí, conas a fhoghlaimíonn leanaí agus an chúis go bhfuil eispéiris áirithe tábhachtach don fhoghlaim.



Figiúr 5, Ó shonraíochtaí curaclaim bunscoile CNCM, Curaclam na Bunscoile, 2025

Dírítear i gCaibidil a Sé de gach sonraíocht churaclaim ar an gcuraclam i gcleachtas. Déantar cur síos inti ar phríomhghnéithe fhoghlaim na leanaí i ngach réimse curaclaim, an cur chuige oideolaíoch lena dtacaítear le agus lena bhfeabhsaítear an fhoghlaim sin agus treoir chun measúnú a dhéanamh ar fhoghlaim agus ar dhul chun cinn leanaí. Tá tuilleadh tacaíochta ar fáil do mhúinteoirí chun cinntí a dhéanamh maidir leis na chéad chéimeanna eile sa phróiseas foghlama i dTreoracha Achtaithe do gach réimse curaclaim.

Baineann múinteoirí úsáid as cur chuige agus straitéisí oideolaíocha oiriúnacha agus fianaisebhunaithe chun rannpháirtíocht, úinéireacht agus dúshlán leanaí a chothú. Nasctar a leithéid sin de chur chuige agus straitéisí oideolaíocha le taithí saoil, imthosca, láidreachtaí agus ábhair spéise leanaí.

(Creacthuraclam na Bunscoile, lch 6)

4. Fianaise ar ullmhúchán i gCleachtas

Soláthraítear **bealach chun smaoineamh ar an gcaoi a dtugann gach múinteoir léargas ar ullmhúchán** i rith na scoilbhliana le coincheap an ullmhúcháin don fhoghlaim, don teagasc agus don mheasúnacht. Is féidir é a úsáid freisin chun tacú le comhráite gairmiúla i ndáil le foghlaim, teagasc agus measúnacht i rith cigireachtaí. Bíonn fianaise ar ullmhúchán don fhoghlaim, don teagasc agus don mheasúnacht le fáil in go leor foirmeacha.

An Leanbh/Na Leanaí

Tá tiomantas soiléir le fáil i [Creachuraclam na Bunscoile](#) maidir le ceart gach linbh chun tairbhe a bhaint as curaclam atá dea-struchtúrtha, ionchuimsitheach, fiúntach agus ag freagairt dá riachtanais. Soláthraíonn an leanbh agus a c(h)uid foghlama léargas ar obair ullmhúcháin múinteora. Trí thacú le leanaí **cur síos a dhéanamh ar nó chun léargas a thabhairt ar a gcuid foghlama agus dul chun cinn/a leithéid a thaispeáint** soláthraítear léargas ar chultúr na timpeallachta foghlama agus ar na hidirghníomhaíochtaí idir múinteoir agus leanbh. Sa chur chuige seo tá meas ar raon leathan cur chuige oiriúnach maidir le measúnacht a úsáid agus tá a leithéid mar bhonn leis na **chéad chéimeanna eile sa phróiseas foghlama**.

An Múinteoir

Is ionann obair ullmhúcháin múinteora agus cuntas atá ag forbairt ina léirítear na cinntí a dhéanann múinteoirí maidir le dlús a chur le foghlaim. I measc na nithe ba cheart a chur san áireamh tá an méid atá ar eolas acu faoin leanbh/na leanaí, an curaclam agus oideolaíocht. Roghnaíonn múinteoirí Eispéiris Foghlama shonracha, atá múnlaíthe ag láidreachtaí, riachtanais, ábhair spéise agus indibhidiúlacht an linbh/na leanaí a bhfuil siad ag obair leis/léi/leo.

Bunaithe ar an eolas atá ag an múinteoir faoi na leanaí agus faoi na chéad chéimeanna eile ina bpróiseas foghlama, sainaitheoidh múinteoirí **Fóca(i)s Foghlama** (nua nó comhdhlúthú coincheap, scileanna nó meonta) agus roghnóidh siad **Eispéiris Foghlama** spráíúla agus rannpháirteacha a bheidh mar bhonn leis an bhfoghlaim seo. D'fhéadfadh sé seo a bheith sonrath nó ginearálta, agus bunaithe ar **Thoradh Foghlama amháin, nó ar roinnt Torthaí Foghlama**, ó réimse curaclaim amháin, nó ó níos mó ná réimse amháin, chun dlús a chur le próiseas foghlama an linbh.

Beidh sé riachtanach machnamh a dhéanamh freisin **ar an tslí a léireoidh leanaí a gcuid foghlama** i rith agus i ndiaidh na tréimhse ama seo agus conas a bheidh sé sin mar bhonn leis na chéad chéimeanna eile i bpróiseas foghlama an linbh.

Déantar cur síos i [Ciorclán 0064/2024](#) na Roinne Oideachais agus Óige ar an ról lárnach atá ag an Múinteoir Ranga i ndáil le tacú le leanaí, lena n-áirítear iad siúd a

bhfuil riachtanais foghlama éagsúla acu. Sonraítear ann go gcuireann múinteoirí ranga a gcur chuige agus modheolaíochtaí oideolaíocha in oiriúint, agus go ndéanann siad socruithe sonracha do leanaí sa rang, mar fhreagairt d'ábhair imní a thagann chun cinn i ndáil leis an dul chun cinn atá á dhéanamh ag leanbh aonair mar aon le cumarsáid, rialú mothúchán nó idirghníomhaíocht le piaraí. Is ar mhúinteoirí ranga atá an phríomhfhreagracht maidir le dul chun cinn agus aire a thabhairt do leanaí ina seomraí ranga, lena n-áirítear leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Cuireann múinteoirí ranga a gcur chuige foghlama, teagaisc agus measúnachta in oiriúint do gach leanbh. Is féidir é sin a dhéanamh ar an tslí seo a leanas, mar shampla:

- Struchtúr, ábhar, modh teagaisc agus luas ceachtanna a athrú chun rannpháirtíocht fhiúntach gach leanbh a chinntiú
- Ceachtanna a chur in oiriúint chun cuntas a dhéanamh ar leasanna linbh
- Tascanna a mheaitseáil le láidreachtaí, riachtanais, leasanna agus indibhidiúlacht an linbh
- Acmhainní a oiriúnú agus a úsáid, lena n-áirítear úsáid a bhaint as tacaíochtaí físiúla mar aon leis an teicneolaíocht.

An Timpeallacht Foghlama

Soláthraítear léargas ar nádúr na foghlama, an teagaisc agus na measúnachta leis an gcomhthéacs cultúrtha agus fisiciúil ina dtarlaíonn foghlaim. Déantar cur síos i bprionsabal na dTimpeallachtaí Foghlama i [Creachuraclam na Bunscoile](#) ar an tslí a mhúnlaítear agus a gcothaítear an méid a fhoghlaimíonn leanaí leis an timpeallacht fhisiciúil, taobh istigh agus faoin aer. Nuair a bhíonn Eispéiris Foghlama á n-ullmhú, ba cheart machnamh a dhéanamh ar na deiseanna atá le fáil i bhfoirgneamh na scoile, i dtailte na scoile agus sa cheantar áitiúil. Glactar leis an seomra ranga, tailte na scoile agus an timpeallacht áitiúil mar acmhainn teagaisc ghníomhach lena dtacaítear le rannpháirtíocht, comhoibriú agus cleachtas ionchuimsitheach.

Tacaítear le caidreamh dearfach le **hidirghníomhaíochtaí tacúla múinteora-linbh agus linbh-linbh**, tráth a n-éistear go gníomhach le smaointe, dearcthaí agus tuairimí na leanaí ar fad agus tráth a nglactar leis go bhfuil luach ag baint leo. Gné thábhachtach de thimpeallacht foghlama éifeachtach freisin é ionchais arda maidir le leanaí. Tacaítear le leas agus inrochtaineacht d'fhoghlaimí agus rochtain sholúbtha acu ar acmhainní foghlama oiriúnacha.

Níos tábhachtaí ná an timpeallacht foghlama fhisiciúil fiú tá atmaisféar measúil, tacúil agus slán a chruthú lena dtacaítear le foghlaim agus forbairt. (*Creachuraclam na Bunscoile, lch 23*)

Ullmhúchán Taifeadta i gCleachtas

Nuair a bhíonn machnamh á dhéanamh ar thuiscint ghinearálta ar ullmhúchán don fhoghlaim, don teagasc agus don mheasúnacht, glactar le hullmhúchán taifeadta mar ghné thábhachtach agus riachtanach atá ag **cur le** próisis an ullmhúcháin dhofheicthe agus shofheicthe. **Thar aon ní eile is don mhúinteoir** é an t-ullmhúchán taifeadta, agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh sé **úsáideach, fiúntach agus praiticiúil**.

Ní mór glacadh leis an ullmhúchán taifeadta ar fad, ina bhfuil eolas maidir le **treoir ghinearálta agus Fóca(i)s Foghlama do na leanaí**, mar obair **thrialach agus dhinimiciúil**. Ní gá an iomarca béime a leagan ann ar an méid a d'fhéadfadh tarlú sa timpeallacht foghlama.

Forbraítear ullmhúchán taifeadta mar fhreagairt do dheiseanna agus riachtanais nua na leanaí. **D'fhéadfadh** anótáil agus leasuithe múinteora a bheith san áireamh, de réir mar is cúf.

I gcomhthéacs na scoile speisialta, ba cheart go dtagródh ullmhúchán taifeadta do churaclam aoisoiriúnach na bunscoile nó na hiar-bhunscoile lena dtacaítear le láidreachtaí, riachtanais, ábhair spéise agus indibhidiúlacht na leanaí.

5. Tacú le hUllmhúchán don Fhoghlaim, don Teagasc agus don Mheasúnacht

Ceisteanna chun tacú le múinteoirí chun machnamh a dhéanamh ar a gcuid ullmhúcháin don fhoghlaim, don teagasc agus don mheasúnacht:

1. Conas is féidir liom **faisnéis a bhailiú agus a úsáid** maidir leis an leanbh/na leanaí, an méid atá foghlama acu roimh ré, dul chun cinn go dtí seo, láidreachtaí, riachtanais, ábhair spéise agus indibhidiúlacht? Conas is féidir liom guth an linbh a chur san áireamh?
2. An bhfuil **Fóca(i)s Foghlama** á bhaint/á mbaint agam ó **Thorthaí Foghlama** oiriúnacha?
3. An bhfuil na gníomhaíochtaí ullmhúcháin atá á ndéanamh agam **úsáideach, fiúntach agus praiticiúil** don fhoghlaim, don teagasc agus don mheasúnacht?
4. An bhfuil fairsinge agus cothromaíocht cur chuige oideolaíoch ann lena léirítear nádúr na n-ábhar/an réimse curaclaim agus lena chinntítear éagsúlacht i lá an linbh? Conas ar roghnaíodh nó ar oiriúnaíodh an **cur chuige oideolaíoch** atá in úsáid agam chun freastal ar láidreachtaí, riachtanais, ábhair spéise agus indibhidiúlacht na leanaí ar fad?
5. Conas a fhreagraítear do dheiseanna foghlama gan choinne agus nua a d'fhéadfadh teacht chun cinn le m'obair ullmhúcháin?
6. Conas a **shainnítear an fhoghlaim shonrach** atá ag tarlú, **na hEispéiris Foghlama** lena dtacaítear leis an bhfoghlaim agus conas a léireoidh **gach** leanbh i mo chomhthéacs **an fhoghlaim seo le m'ullmhúchán taifeadta**?
7. Conas is féidir liom cineálacha difriúla measúnachta a úsáid (iomasach, pleanáilte, imeachtaí) chun faisnéis a sholáthar atá úsáideach chun bonn eolais a chur ar fáil le haghaidh na gcéad chéimeanna eile i bpróiseas foghlama an linbh?
8. Conas is féidir liom plean a dhéanamh chun lántairbhe a bhaint as an **timpeallacht foghlama** láithreach agus áitiúil chun tacú le láidreachtaí, riachtanais, ábhair spéise agus indibhidiúlacht gach linbh, agus Eispéiris Foghlama oiriúnacha a chur ar fáil ag an am céanna?

6. Tacú le hUllmhúchán don Fhoghlaim, don Teagasc agus don Mheasúnacht

Tá sé beartaithe go dtacófar le hullmhúchán taifeadta múinteoirí ar fud *Curaclam Athfhorbartha na Bunscoile* (2025) leis an treoir seo a leanas.

Treoir do Mhúinteoirí <i>Ullmhúchán Taifeadta chun Tacú le Foghlaim, Teagasc agus Measúnacht ar fud na gCuraclam ar fad</i>
Na rudaí ar fiú machnamh a dhéanamh orthu b'fhéidir:
<p>1. Ná déan dearmad, thar aon ní eile, gur cheart glacadh le doiciméid mar threoir duitse, an múinteoir. Ba cheart glacadh léi mar thacaíocht úsáideach, fhiúntach agus phraiticiúil, arb ionann í agus gné amháin den ullmhúchán don fhoghlaim, don teagasc agus don mheasúnacht. Glac leis go bhfuil do dhoiciméid ag forbairt roimh, i rith agus i ndiaidh teagaisc agus de réir phróiseas foghlama an linbh. Má chabhraíonn sé leat, cuir nótaí, leasuithe agus anótáil le do dhoiciméid chun tacú le d'obair ullmhúcháin d'fhoghlaim agus teagasc.</p> <p>Ní hé d'ullmhúchán taifeadta an t-aon ghné den ullmhúchán don fhoghlaim agus don teagasc. Tá d'obair ullmhúcháin dhofheicthe agus shofheicthe chomh luachmhar céanna le d'ullmhúchán taifeadta.</p>
<p>2. Is féidir tairbhe a bhaint as cur chuige scoile uile chun teacht ar chomhaontú maidir leis na gnéithe coiteanna atá le cur san áireamh i ndoiciméid. Is féidir na gnéithe seo a thaifeadadh ar bhealach atá praiticiúil agus úsáideach chun tacú le d'ullmhúchán. D'fhéadfadh na sonraí atá le fáil i ndoiciméid a bheith éagsúil ag brath ar an múinteoir, ar rogha aonair an mhúinteora, a b(h)reithiúnas gairmiúil agus an comhthéacs ina bhfuil sé/sí ag teagasc.</p> <p>Ainneoin go bhféadfadh múinteoirí áirithe tairbhe a bhaint as teimpléid chineálacha, ní bheidh tosaíochtaí á dtaifeadadh iontu ar bhealach fiúntach i gcónaí. In aon scoil, féadfaidh múinteoirí gnéithe coiteanna a chur san áireamh ina gcuid ullmhúcháin, agus ba cheart iad seo a chur i láthair nó a thaifeadadh ar bhealach atá cabhrach don mhúinteoir aonair.</p>
<p>3. B'fhéidir go mbeadh fonn ar mhúinteoir léargas a thabhairt ar an gcaoi a ndéanann sé/sí ullmhúchán ar bhealach comhtháite fiúntach ina dtugtar léargas ar an méid seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none">• Na Torthaí Foghlama a bhfuiltear ag díriú orthu• Fóca(i)s S(h)oiléir(e) Foghlama do gach leanbh do gach réimse curaclaim, agus tagairt a dhéanamh don churaclam• raon na nEispéireas Foghlama oiriúnach roghnaithe chun tacú le gach leanbh chun dlús a chur lena p(h)róiseas foghlama agus• conas a bheidh an fhoghlaim á léiriú ag gach leanbh agus conas a bheidh monatóireacht agus measúnú á ndéanamh ar an bhfoghlaim.

Ullmhúchán Taifeadta - Fadtéarmach

Bain tairbhe as cur chuige **solúbtha** maidir le d'ullmhúchán fadtéarmach. B'fhéidir go mbeidh sé riachtanach é a **leasú** nuair a fhoghlaimíonn tú faoi na leanaí i do chomhthéacs nó de réir mar a thagann deiseanna foghlama gan choinne chun cinn. Fág dóthain ama sula gcríochnaíonn tú d'ullmhúchán fadtéarmach taifeadta ionas go dtugtar léargas fiúntach ann ar láidreachtaí agus riachtanais foghlama na leanaí uile i do chomhthéacs. Beidh ullmhúchán fadtéarmach bunaithe ar [Creachuraclam na Bunscoile](#), an curaclam agus an plean curaclaim scoile uile. I gcomhthéacs na scoile speisialta, ba cheart go dtagródh ullmhúchán fadtéarmach do churaclam aoisoiriúnach na bunscoile nó na hiar-bhunscoile lena dtacaítear le láidreachtaí, riachtanais, ábhair spéise agus indibhidiúlacht na leanaí.

B'fhéidir gur mhaith leat an méid seo a leanas a chur san áireamh: •

- an **fhoghlaim a bhfuiltear ag súil léi** i dtéarmaí ginearálta atá bunaithe ar agus á treorú ag **Torthaí Foghlama** an churaclaim
- **ord agus luas** phróiseas foghlama na leanaí (á dtreorú ag an bplean curaclaim scoile uile)
- an raon **Eispéireas Foghlama**.
- an raon **cleachtas measúnachta**.
- **comhtháthú** na foghlama le réimsí/ábhair churaclaim eile, cleachtais/imeachtaí scoile uile.
- an tslí a **dtacaíonn** na nósanna sa seomra ranga, cultúr an tseomra ranga agus idirghabhálacha agus cleachtais níos fadtéarmaí leis an bhfoghlaim atá beartaithe.

Ba cheart go mbeadh do phlean fadtéarmach sách solúbtha chun freagairt do láidreachtaí, riachtanais, ábhair spéise agus indibhidiúlacht na leanaí. Na déan dearmad gur féidir an doiciméad a leasú nó a athrú i rith na bliana.

Ullmhúchán Taifeadta - Gearrthéarmach

1. Bunaithe ar an méid atá ar eolas agat faoi na leanaí agus faoin méid atá ar eolas acu cheana féin agus bunaithe ar an gcuraclam, sainaithin **Fóca(i)s Foghlama**. Sainaithin na **hEispéiris Foghlama** a roghnaíodh chun tacú leis **na leanaí ar fad** chun dul chun cinn a dhéanamh i rith an phróisis foghlama. Aithin na bealaí ina ndéanfar **measúnú agus monatóireacht** ar an dul chun cinn atá á dhéanamh acu.

Smaoinigh ar an tslí a mbeidh a fhios agat an bhfuil dul chun cinn déanta i ndáil le Fóca(i)s Foghlama agus ar an tslí a mbeidh eolas maidir leis seo le fáil i do Chuntas Míosúil.

Ba cheart an méid seo a leanas a chur san áireamh:

- **Fóca(i)s Foghlama** do gach leanbh bunaithe ar agus treoraithe ag an/na **Toradh/Torthaí Foghlama** ó réimse curaclaim nó ó roinnt réimsí curaclaim.
- Raon na **nEispéireas Foghlama atá sách spraiúil agus spésiúil** a roghnaíodh chun tacú le **gach** leanbh chun dlús a chur lena p(h)róiseas

foghlama.

- **Conas** a bheidh an **fhoghlaim** i ndáil le gach Toradh Foghlama **á léiriú** ag **gach leanbh** agus conas a dhéanfar **monatóireacht agus measúnú** air seo.

2. Bíodh d'ullmhúchán taifeadta gonta. Ní haon fhianaise ar chaighdeán é fad an doiciméid. D'fhéadfadh múinteoirí éagsúla sonraí difriúla a chur san áireamh san ullmhúchán taifeadta, agus ba cheart go dtacófaí le múinteoirí chun déileáil le rudaí a tharlaíonn gan choinne agus le deiseanna foghlama nua a thagann chun cinn leis an gcur chuige atá in úsáid. Ní gá go mbeadh tairbhe le baint as an iomarca ama a chaitheamh ag scríobh cur síos mionsonraithe maidir le gníomhaíochtaí.

3. Tá ceanglais ullmhúcháin shonracha le comhlíonadh ag múinteoirí nuacháilithe agus ag múinteoirí a bhfuil ról oideachais speisialta á gcomhlíonadh acu. Ba cheart eolas maidir leis na ceanglais shonracha i gcomhair na múinteoirí seo a fháil i gCiorcláin⁷ agus Treoirínte atá cothrom le dáta.

Cuntas Míosúil

Cinntigh go dtaifeadtar i do Chuntas Míosúil **an dul chun cinn foghlama atá déanta ag na leanaí** i rith na míosa, agus na **hEispéiris Foghlama** a úsáideadh chun tacú lena bpróiseas foghlama. Sa chás go bhfuil léargas soiléir tugtha ar an bhfoghlaim agus ar na hEispéiris Foghlama sna doiciméid ghearrthéarmacha, is féidir a leithéid a úsáid i do Chuntas Míosúil freisin. Sa chás seo, ba cheart cinntí scoile uile a dhéanamh bunaithe ar an struchtúr is oiriúnaí le haghaidh na bpleananna/Cuntas Míosúil seo chun a chinntiú go bhfuil faisnéis ábhartha á taifeadadh ar bhealach úsáideach agus oiriúnach.

Ná déan dearmad go mb'fhéidir nach ionann cuntas fada ar ábhar agus táscaire maidir le héifeachtacht. Glac le do Chuntas Míosúil mar thaifead ar an méid atá foghlamtha ag do leanaí, taifead is féidir a úsáid chun tacú le leanúnachas agus dul chun cinn a bpróiseas foghlama.

Má chabhraíonn sé leat, cuir **machnamh gonta** san áireamh i do Chuntas Míosúil áit a mbeidh deis agat nóta a scríobh maidir le foghlaim agus teagasc i rith na míosa.

⁷Tacaítear⁷ le gach bunscoil agus scoil speisialta chun ullmhúchán a dhéanamh d'fhonn úsáid a bhaint as curaclam atá bunaithe ar thorthaí foghlama le **Ciorclán 0017/2023 - Ullmhúchán do Theagasc agus Foghlaim Treoir ar Ullmhú i gComhair Teagaisc agus Foghlama**. Is é an aidhm atá leis an bhéim atá ar pháipéarachas a laghdú, agus an raon leathan gníomhaíochtaí a mbíonn múinteoirí páirteach iontu roimh, i rith agus i ndiaidh teagaisc a thaifeadadh agus luach a lua leo. Tugtar tuilleadh tacaíochta do Riail 126 ina leagtar amach na hionchais um ullmhúchán fadtéarmach (mar shampla, ar bhonn téarma nó bliantúil), ullmhúchán gearrthéarmach (mar shampla, ar bhonn seachtainiúil, coicisiúil nó míosúil) agus cuntais mhíosúla ar dhul chun cinn leis an treoir seo.

[Sonraigh treoirínte agus doiciméid tacaíochta chun cabhrú le scoileanna chun tacú le Leanaí/Daoine Óga a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu](#)

Aguisín 1

Gluais Téarmaí

Creatchuraclam na Bunscoile (CCB): Tagraíonn CCB do chreat an churaclaim athfhorbartha a foilsíodh i mí an Mhárta 2023. In CCB leagtar amach cuspóir, struchtúr agus ábhar don churaclam athfhorbartha i mbunscoileanna agus scoileanna speisialta. Tarraingítear aird ann ar an méid atá tábhachtach in oideachas bunscoile agus an chúis atá leis sin; agus tá cur síos le fáil ann ar na nithe ar cheart tús áite a thabhairt dóibh chomh fada is a bhaineann leis an méid atá á fhoghlaim ag leanaí. Tá an creat mar bhonn leis na sonraíochtaí curaclaim aonair. Ar an gcéad dul síos, tá sé tábhachtach go dtuigfeadh daoine an méid atá sonraithe in CCB, sula ndéantar scrúdú mionsonraithe ar na sonraíochtaí aonair.

Réimsí curaclaim: Cuirtear an curaclam athfhorbartha i láthair i bhfoirm cúig réimse curaclaim ghinearálta atá bunaithe ar an gcreatchuraclam (CCB). Tá eolas maidir leis na réimsí curaclaim le fáil ar leathanach 14 den doiciméad CCM agus san áireamh ann tá:

1. Teanga
2. Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta, Innealtóireachta agus Matamaitice (ETIM)
3. Folláine
4. Oideachas Ealaíon
5. Oideachas Sóisialta agus Imshaoil

Sonraíocht: Is éard atá i gceist le sonraíocht an réimse curaclaim an doiciméad ina dtagraítear do na mionsonraí a bhaineann le gach réimse curaclaim den churaclam athfhorbartha. Ní hionann an tsonraíocht agus an tacar uirlisí ar líne. Déantar cur síos sa tsonraíocht ar na nasc leis an bhfís agus le prionsabail foghlama, teagaisc agus mheasúnachta an chreata mar aon leis an réasúnaíocht, aidhmeanna, snáitheanna, aonaid snáithe, gnéithe, torthaí foghlama agus treoir maidir leis an gcuraclam i gcleachtas.

Tacar Uirlisí: Is éard atá le tacar uirlisí an réimse curaclaim tacar tacaíochtaí atá forbartha agus á chothabháil ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM). Tá tacar uirlisí ar fáil don chúig réimse curaclaim agus cuirfidh CNCM leis an tacar seo de réir a chéile. I ngach tacar uirlisí tairgtear tacaíocht phraiticiúil do mhúinteoirí chun eispéiris foghlama shaibhre a chruthú do leanaí. Is iad seo a leanas comhpháirteanna na dtacar uirlisí - ábhair thacaíochta, samplaí de thacaíochtaí foghlama agus dul chun cinn leanaí.

Fís i dtaca le Curaclam Athfhorbartha na Bunscoile: Is ionann an fhís agus ráiteas cuspóra ginearálta a bhfuil sé mar aidhm leis bonn eolais a chur ar fáil do gach cuid den churaclam agus, i ndeireadh na dála, eispéiris na leanaí agus múinteoirí ar fad i mbunscoileanna agus scoileanna speisialta.

Prionsabail na Foghlama, an Teagaisc agus na Measúnachta: Tá eolas le fáil sna prionsabail maidir leis na nithe sin lena mbaineann luach san oideachas bunscoile agus speisialta agus maidir leis na nithe sin atá ag croílár na foghlama, an teagaisc agus na measúnachta ar ardchaighdeán sa churaclam bunscoile athfhorbartha. Is prionsabail ghinearálta atá iontu arb é an aidhm atá leo léargas a thabhairt ar chomhthéacsanna scoile éagsúla agus ar imthosca, eispéiris agus cumas difriúil leanaí.

Príomhinniúlachtaí: Cuirtear le heispéiris luathfhoghlama leanaí sa bhaile agus sa réamhscoil leis an gcuraclam bunscoile athfhorbartha le agus déantar tuilleadh forbartha air. Tá sé mar aidhm leis an t-eolas, na scileanna, na coincheapa, na meonta, na dearcthaí agus na luachanna riachtanacha lena gcuirtear ar chumas leanaí dul in oiriúint do agus déileáil le raon cásanna, dúshlán agus comhthéacsanna chun tacú le Torthaí Foghlama níos ginearálta. Cuirtear na hinniúlachtaí seo i láthair mar sheacht bpríomhinniúlacht atá nasctha go dlúth lena chéile atá

ábhartha do na céimeanna idir 1 agus 4.

Saintréithe: Níl sé beartaithe go nglacfar le saintréithe na bPríomhinniúlachtaí a chuirtear i láthair i CCB mar liosta uileghabhálach, seachas sin déantar cur síos iontu ar dheiseanna foghlama agus forbartha saintréitheacha do leanaí laistigh de gach príomhinniúlacht a bheidh leabaithe trí Thorthaí Foghlama sna sonraíochtaí curaclaim.

Cumas Gníomhúcháin an Mhúinteora: Is éard atá i gceist le cumas gníomhúcháin an mhúinteora ná an cumas roghanna agus cinntí a dhéanamh maidir le cad ba chóir a mhúineadh, cathain ba cheart é a mhúineadh, agus conas foghlaim a chur in ord agus an luas ceart a chur fúithi. San áireamh tá cinntí maidir leis na heispéiris foghlama shonracha atá le cur ar fáil.

Cumas Gníomhúcháin an Linbh: Tá ról gníomhach ag leanaí ina bpróiseas foghlama féin agus is féidir leo léargas a thabhairt ar a gcumas ngníomhúcháin trí bheith treallúsach i gcomhthéacsanna foghlama, trí bhreathnú ar an méid atá ag tarlú agus trí pháirt a ghlacadh in imeachtaí leanúnacha, nó trí chomhrá a thosú le daoine eile.

Achtú: Tagraítear don phróiseas a bhaineann leis an gcuraclam athfhorbartha a úsáid i scoileanna leis an téarma achtú. Éilítear tacar dinimiciúil de choinníollacha leanúnacha chun an curaclam na bunscoile a bhunú agus a achtú. Le hachtú ní mór machnamh a dhéanamh chun leanúint ar aghaidh le soiléire agus cuspóir agus leagtar béim ann ar mhúinín as breithiúnais ghairmiúla múinteoirí. Cuirtear san áireamh in achtú an churaclaim go bhfuil an curaclam á thabhairt chun beochta ag múinteoirí ina seomraí ranga, go bhfuil sé beartaithe é a úsáid ar bhealach solúbtha agus gur féidir leis cuntas a dhéanamh ar chomhthéacs uathúil gach uile scoil.

Cur i bhFeidhm: Téarma a úsáidtear go coitianta i mbeartas agus taighde oideachais chun cur síos a dhéanamh ar an bpróiseas a bhaineann le húsáid a bhaint as dearadh curaclaim. In CCB, baintear úsáid as an téarma achtú seachas cur chun feidhme, léiriú ar an tuairim gur bhfuil breithiúnas gairmiúil leanúnach i gceist le hathrú curaclaim, oiriúnú comhthéacsúil agus coinníollacha dinimiciúla laistigh de scoileanna.

Toradh Foghlama: Déantar cur síos ar fhoghlaim agus forbairt ionchasach **leanaí ag deireadh tréimhse ama** le toradh foghlama.